



Suí iomlánach

A9-0020/2022

4.2.2022

*****I**

TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta grúpaí institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointí iontrála acu mar aon le modheolaíocht le haghaidh suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh
(COM(2021)0665 – C9-0398/2021 – 2021/0343(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir don tuairim: Jonás Fernández

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH	20
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	21

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta grúpaí institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointí iontrála acu mar aon le modheolaíocht le haghaidh suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh (COM(2021)0665 – C9-0398/2021 – 2021/0343(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0665),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0398/2021),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Eanáir 2022¹,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0020/2022),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún seo;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

² Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

LEASUITHE PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

2021/0343 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta grúpaí institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointí iontrála acu mar aon le modheolaíocht le haghaidh suibscríobh indéach ionstraimí atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scríosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I**.

³ IO C , , lch. .

⁴ IO C , , lch. .

- (1) Le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ agus Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, leasaíodh Creat an Aontais um Réiteach Banc, trí leasuithe ar Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰. Bhí gá leis na leasuithe sin chun Bileog Téarmaí (an ‘caighdeán TLAC’) an chumais iomláin idirnáisiúnta ionsúcháin caillteanais (TLAC)¹¹ a chur chun feidhme san Aontas le haghaidh bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo agus chun cur i bhfeidhm an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) a fheabhsú le haghaidh gach bainc. Ba cheart do chreat athbhreithnithe an Aontais um réiteach banc a áirithiú ar bhealach níos fearr go dtarlóidh ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliú banc trí mheáin phríobháideacha nuair nach bhfuil na bainc sin inmharthana ó thaobh airgeadais de a thuilleadh agus nuair a chuirtear faoi réiteach ansin iad.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 12a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le grúpaí institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SII), i gcás ina bhfuil straitéis réitigh acu faoina bhféadfaí níos mó ná eintiteas grúpa amháin a réiteach (straitéis réitigh na nIlphointí Iontrála (MPE)), gur cheart do na grúpaí institiúidí sin a gceanglas bunaithe ar riosca maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a ríomh faoin toimhde theoriciúil nach réiteofaí ach aon eintiteas amháin den ghrúpa, agus go n-aistreofaí riachtanais chaillteanas agus athchaipitlithe aon fhochuideachta de chuid an ghrúpa sin chuig an eintiteas réitigh (straitéis réitigh an Phointe Iontrála Aonair (SPE)). ***Déantar foráil maidir le ceanglas comhchosúil in Airteagal 45d(4) de Threoir 2014/59/AE i ndáil leis an gceanglas breise maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a d’fhéadfadh údarais réitigh a fhorchur de bhun mhír 3 den Airteagal***

⁵ Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le cumas ionsúcháin caillteanais agus cumas athchaipitlithe institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).

⁶ Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le cumas ionsúcháin caillteanais agus cumas athchaipitlithe institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 150, 7.6.2019, lch. 226).

⁷ Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1).

⁸ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach um réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sársa Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

¹¹ an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, Prionsabail maidir le Cumas Ionsúcháin Caillteanais agus Cumas Athchaipitlithe na mBanc a bhfuil Tábhacht Shistéamach Domhanda leo (G-SIBanna) atá á Réiteach, Bileog Téarmaí an Chumais Iomláin Ionsúcháin Caillteanais (TLAC), 9.11.2015.

sin. I gcomhréir leis an gcaighdeán TLAC, ba cheart a áireamh *sna ríomhanna sin* na heintitis tríú tír uile a bhaineann le G-SII a bheadh ina n-eintitis réitigh dá mbunófaí iad san Aontas.

- (3) De réir Airteagal 45h(2), an tríú fómhír, de Threoir 2014/59/AE, agus de réir an chaighdeáin TLAC, ní ceart gurbh ísle suim na gceanglas iarbhír maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá ag grúpa G-SII ag a bhfuil straitéis réitigh MPE ná ceanglas teoriciúil an ghrúpa sin faoi réiteach SPE. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, eadhon Airteagal 12a agus Airteagal 92a(3), a bheith ailínithe le forálacha comhfhreagracha Threoir 2014/59/AE agus ba cheart a áirithiú leo go ngníomhaíonn na húdaráis réitigh i gcomhréir leis an Treoir sin i gcónaí agus go gcuireann siad san áireamh na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chomh maith le haon cheanglas breise maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 45d de Threoir 2014/59/AE. Níor cheart go mbeadh sin ina bhac ar na húdaráis réitigh a chinneadh gur mhíchuí nó gurbh ar neamhréir le straitéis réitigh an G-SII aon choigeartú chun an difríocht a laghdú nó a mhaolú idir suim na gceanglas iarbhír maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a bhaineann le grúpa G-SII a bhfuil straitéis réitigh MPE aige, agus ceanglas teoriciúil an ghrúpa sin faoi straitéis réitigh SPE, i gcás inarb airde suim na gceanglas iarbhír ná an ceanglas teoriciúil. ***Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir Airteagal 12a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 45h(2) de Threoir 2014/59/AE, ba cheart a chur san áireamh freisin sa ríomh dá dtagraítear in Airteagal 45h(2) den Treoir sin gach eintiteas tríú tír ar le G-SII iad agus ar eintitis iad a bheadh ina n-eintitis réitigh dá mbeidís mbunófaí san Aontas iad.***
- (4) Leagtar síos in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go bhféadfar an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh i gcás fochuideachtaí ábhartha G-SII na neamh-AE nach eintitis réitigh iad *inter alia* trí bhíthin ionstraimí dliteanas incháilithe. I gcás na gcritéar incháilitheachta maidir le hionstraimí dliteanas incháilithe a leagtar síos in Airteagal 72b(2), pointí (c), (k), (l) agus (m), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, áfach, glactar leis gur eintiteas réiteach é an t-eintiteas eisiúna. Ba cheart a áirithiú go bhfuil ar chumas na bhfochuideachtaí ábhartha sin ionstraimí fiachais a eisiúint a chomhlíonfaidh na critéir incháilitheachta uile, mar a bhí beartaithe ag an tús.
- (5) De réir Airteagal 72e(4), an chéad fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, maidir le G-SII ag a bhfuil straitéis réitigh MPE aige, féadfaidh na húdaráis réitigh cead a thabhairt dó sealúchais áirithe de chistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe a bhaineann lena fochuideachtaí nach cuid den ghrúpa réitigh céanna iad a asbhaint trí mhéid coigeartaithe, níos ísle a asbhaint, méid arna shonrú ag an údarás réitigh. Éilítear le hAirteagal 72e(4), an dara fómhír, den Rialachán sin, i gcásanna mar sin, go ndéantar an difríocht idir an méid coigeartaithe agus an méid bunaidh a asbhaint de chumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitlithe na bhfochuideachtaí lena mbaineann. I gcomhréir leis an gcaighdeán TLAC, cuirfí san áireamh ansin leis an gcur chuige sin na ceanglais ar an bhfochuideachta lena mbaineann, ceanglais atá bunaithe ar riosca agus ceanglais nach bhfuil bunaithe ar riosca araon, maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe. Thairis sin, ba cheart an cur chuige sin a bheith infheidhme maidir leis na fochuideachtaí tríú tír uile a bhaineann leis an G-SII sin, fad is go bhfuil na fochuideachtaí sin faoi réir córas réitigh ■ atá, ***de réir údarás réitigh ábhartha an***

Aontais, in-fhorfheidhmíthe le dlí agus a chuireann chun feidhme caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, *go háirithe ‘Príomhthréithe Córas Éifeachtach Imréitigh do Bhonneagair Margaidh Airgeadais’ de chuid an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais agus a Chaihdéan TLAC.*

- (6) Chun an cur chuige maidir le suibscríobh indíreach ionstraimí incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach laistigh de ghrúpaí réitigh a chur i ngníomh agus lena áirithiú go bhfuil an cur chuige sin fóna ó thaobh na stuamachta de, tugadh sainordú don Údarás Baincéireachta Eorpach faoi Airteagal 45f(6) de Threoir 2014/59/AE, **mar a leasaítear le Treoir (AE) 2019/879**, chun dréachtchaighdeán theicniúla rialála a fhorbairt d’fhonn modheolaíocht a shonrú maidir le **suibscríobh indíreach ionstraimí incháilithe i dtaca leis sin**. De réir mar a thug an tÚdarás Baincéireachta Eorpach chun suntais ina litir chuig an gCoimisiún dar dáta an 25 Eanáir 2021, áfach, bhí roinnt mhaith neamhréireanna idir na ceanglais maidir leis an tarmligean arna leagan síos i dTreoir 2014/59/AE agus na rialacha stuamachta reatha arna leagan síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a bhí ina mbac le cur i bhfeidhm na láimhseála stuamachta a bhí riachtanach chun an sainordú a chomhlíonadh de réir mar a bhí beartaithe ag an tús. Lena chur níos beaichte, thug an tÚdarás Baincéireachta Eorpach dá aire nár cumasaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ionstraimí incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach a asbhaint agus, ina dhiaidh sin, ualú riosca iomchuí a chur i bhfeidhm sna cásanna uile atá ábhartha maidir leis an sainordú faoi Threoir 2014/59/AE. Rinneadh fadhbanna cosúla a shainaithint i réimse an cheanglais maidir le cóimheas luamhánaithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 575/2013. I bhfianaise na srianta dlíthiúla sin, ba cheart an mhodheolaíocht arna forbairt ag an Údarás Baincéireachta Eorpach a ionchorprú go díreach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Dá bharr sin, ba cheart an sainordú chun dréachtchaighdeán theicniúla rialála a fhorbairt, a leagtar amach in Airteagal 45f(6) de Threoir 2014/59/AE, **mar a leasaítear le Treoir (AE) 2019/879**, a scriosadh.
- (7) I gcomhthéacs suibscríobh indíreach ionstraimí incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach ag eintitis réitigh de bhun chreat athbhreithnithe an Aontais um réiteach banc, **ba cheart a cheangal ar eintitis idirmheánacha seilbh iomlán acmhainní incháilithe inmheánacha ICDI a asbhaint, ar acmhainní iad a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE, agus a eisíonn eintitis nach eintitis réitigh iad féin agus a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna suas le méid atá comhionann le ceanglais inmheánacha ICDI na n-eintiteas sin**. Áirithítear leis sin feidhmiú ceart na sásraí inmheánacha ionsúcháin cailteanais agus athchaitlíte laistigh de ghrúpa agus seachnaítear leis comhaireamh dúbailte acmhainní incháilithe na fochuideachta i dtaca le ICDI inmheánach ionas gur féidir leis an máthaireintiteas idirmheánach a ICDI inmheánach féin a chomhlíonadh. **Chun a áirithiú go leanfaidh an córas asbhainte de bheith comhréireach, ba cheart máthaireintitis idirmheánacha a bheith in ann an meascán ionstraimí (cistí dílse i gcoinne dliteanais incháilithe) lena gcistítear leo úinéireacht acmhainní inmheánacha incháilithe ICDI a roghnú. D’fhágfadh sé sin go bhféadfadh máthaireintitis idirmheánacha aon asbhaintí a bhaineann le cistí dílse a sheachaint go hiomlán fad is a bheadh dliteanais incháilithe leordhóthanacha eisithe acu**. Ba cheart, **dá bhrí sin**, na hasbhaintí a fheidhmiú i dtús báire maidir le hítimí dliteanas incháilithe na máthaireintiteas idirmheánach. **I gcás ina gceanglaítear ar an eintiteas idirmheánach ICDI inmheánach a chomhlíonadh de bhun Threoir 2014/59/AE ar bhonn aonair, ba cheart na hasbhaintí a chur i bhfeidhm ar na dliteanais incháilithe a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 45f(2) den Treoir sin**. I gcás inarbh airde an

méid atá le hasbhaint ná méid ítimí dliteanas incháilithe na máthaireintiteas idirmheánach, níor mhór an méid atá fágtha a bhaint dá n-ítimí *de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Breise Leibhéal 2, ag tosú le hítimí Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 66, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sa chás sin, is gá na hasbhaintí a chomhfhreagraíonn don mhéid atá fágtha a chur i bhfeidhm freisin agus cistí dílse á ríomh chun críoch na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir 2013/36/AE^{1a}. Seachas sin, féadfar róshuíomh a dhéanamh ar chóimheasa sócmhainneachta na n-eintiteas idirmheánach a d'eisigh ionstraimí cistí dílse, seachas ionstraimí dliteanas incháilithe, chun éadail acmhainní inmheánacha incháilithe ICDI a chistiú. Ina theannta sin, trí láimhseáil sealúchas acmhainní inmheánacha ICDI is incháilithe a choinneáil ailínithe chun críoch stuamachta agus réitigh, seachnaítear méadú míchuí castachta, ós rud é go mbeadh institiúidí in ann leanúint d'aon sraith amháin de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca agus tomhas na neamhchosanta iomláine ar riosca a ríomh, a thuairisciú agus a nochtadh chun críoch stuamachta agus réitigh. Ba cheart Airteagal 49(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir sin. Chun comhréireacht an chórais asbhainte a fheabhsú tuilleadh, níor cheart an córas sin a bheith infheidhme sna cásanna eisceachtúla sin, de bhun Airteagal 45f(1), an tríú fómhír, agus Airteagal 45f(4) de Threoir 2014/59/AE, ina gcuirtear ICDI inmheánach i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite amháin, ina mbaineann sé le sealúchais acmhainní inmheánacha ICDI is incháilithe arna n-eisiúint ag eintitis a áirítear san imlíne chomhdhlúthaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisceacht chéanna nuair a chomhlíontar an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcás fochuideachtaí ábhartha de G-SIInna neamh-AE a leagtar síos in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn comhdhlúite, de bhun Airteagal 11(3a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.*

- (8) Le suibscríobh indíreach ionstraimí inmheánacha ICDI is incháilithe, ba cheart a áirithiú, nuair a shroichfidh fochuideachta an pointe neamh-inmharthanachta, go gcuirfead na cailteanais ar aghaidh chuig an eintiteas réitigh, agus go ndéanfaidh an t-eintiteas réitigh an fhochuideachta lena mbaineann a athchaipitliú. Dá bhrí sin, ní ceart don mháthaireintiteas idirmheánach na cailteanais sin a ionsú, mar níl sa mháthaireintiteas ach bealach chun na cailteanais sin a sheoladh ar aghaidh chuig an eintiteas réitigh. Dá bharr sin, agus lena áirithiú go bhfuil toradh na suibscríbhinne indírí coibhéiseach leis an toradh ar shuibscríbhinn dhíreach iomlán mar a bhí beartaithe ag na comhreachtóirí faoi Airteagal 45f(6) de Threoir 2014/59/AE, ba cheart do na neamhchosaintí asbhainte ualú riosca 0 % a fháil i gcás ríomh mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca agus ba cheart dóibh a bheith eisiata ó ríomh thomhas na neamhchosanta iomláine. *Ba cheart an láimhseáil gan ualú riosca a chur i bhfeidhm agus na neamhchosaintí sin a eisiáil ó thomhas na neamhchosanta iomláine*** a bheith teoranta go docht do neamhchosaintí a asbhaintear i gcomhréir leis an gcéad fómhír d'Airteagal 72e(5), ar mhaithe leis an gcur chuige maidir le suibscríobh indíreach ionstraimí inmheánacha ICDI is incháilithe a oibriochtú.*
- (8a) *Na teimpléid chun faisnéis chomhchuibhithe a nochtadh don phobal maidir leis an íoscheanglas i ndáil le cistí dílse agus dliteanais incháilithe agus maidir leis an gceanglas i ndáil le cistí dílse agus dliteanais incháilithe d'fhochuideachtaí ábhartha G-SIInna neamh-AE a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/763^{1a} ón gCoimisiún, ba cheart iad a leasú chun an córas asbhainte nua d'ionstraimí inmheánacha ICDI is incháilithe a léiriú. Ba cheart na teimpléid nochta*

a leasú freisin chun méid na neamhchosanta iomláine ar riosca agus tomhas na neamhchosanta iomláine a bheadh ag eintitis idirmheánacha mura n-eisiafaí na neamhchosaintí arna n-asbhaint faoin gcóras asbhainte nua sin a chur san áireamh.

- (9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leormhaith, eadhon láimhseáil stuamachta shealúchais na máthaireintiteas idirmheánach d'acmhainní inmheánacha ICDI is incháilithe de chuid a bhfochuideachtaí a chomhchuíbhiú agus na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna agus le haghaidh fochuideachtaí ábhartha G-SIInna neamh-AE a athbhreithniú ar bhealach spriocdhírthe, agus gur ar leibhéal an Aontais, mar sin, is fearr a bhainfear an cuspóir sin amach mar gheall ar scála an ghnímh, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach é in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (9a) *Chun measúnú cuí a dhéanamh ar iarmhairtí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist le suibscríobh indíreach ionstraimí inmheánacha ICDI is incháilithe lena n-áirítear an córas asbhainte nua, agus chun a áirithiú go gcaithfear go comhréireach le cineálacha éagsúla struchtúr grúpa baincéireachta, i measc institiúidí eile a bhfuil cuideachta oibriúcháin acu idir an chuideachta shealbhaíochta agus a fochuideachtaí, agus i gcás eintitis a bhforáiltear dá bplean réitigh dá bhfoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta i gcás teipe, agus chun machaire comhréidh a áirithiú idir cineálacha éagsúla struchtúr grúpa baincéireachta, go háirithe grúpaí a bhfuil cuideachtaí sealbhaíochta i gceannas orthu agus a bhféadfadh na rialacha nua difear a dhéanamh dóibh go háirithe, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme shuibscríobh indíreach acmhainní incháilithe inmheánacha ICDI ag na cineálacha éagsúla struchtúr grúpa baincéireachta a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2022;*
- (10) Lena áirithiú go bhfuil dóthain ama ag na hinstitiúidí chun an láimhseáil thiomnaithe maidir le suibscríobh indíreach **acmhainní inmheánacha ICDI is incháilithe** a chur chun feidhme, lena n-áirítear an córas nua asbhainte *agus gur féidir leis na margat eisiúintí breise acmhainní inmheánacha incháilithe ICDI a dhíleá, i gcás inar gá,* ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha lena leagtar síos an láimhseáil sin *an 1 Eanáir 2024, i gcomhréir leis an spriocdháta chun ceanglais deiridh ICDI a chomhlíonadh.*
- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Leasaítear Rialachán (AE) 575/2013 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach an pointe (130a) seo a leanas:
- ‘(130a) ciallaíonn “údarás tríú tír ábhartha” údarás tríú tír mar a shonraítear in Airteagal 2(1), pointe (90), de Threoir 2014/59/AE;’;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12a:

‘Airteagal 12a

Ríomh comhdhlúite le haghaidh G-SII na ag a bhfuil il-eintitis réitigh

I gcás inarb eintitis réitigh nó eintitis tríú tír iad dhá eintiteas G-SII ar a laghad ar leis an t-aon G-SII amháin iad, agus i gcás inarb eintitis réitigh a bheadh iontu dá mbunófaí san Aontas iad, ríomhfaidh máthaireintiteas an G-SII sin an méid cistí dílse agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 92a(1), pointe (a), ***i gcás na n-eintiteas seo a leanas:***

(a) gach eintiteas réitigh nó eintiteas tríú tír a bheadh ina eintiteas réitigh dá mbunófaí san Aontas é;

(b) máthairinstitiúid AE amhail gurbh í an t-aon eintiteas réitigh de chuid an G-SII í.

Déanfar ***an*** ríomh ***dá dtagraítear i bpointe (b) go heisiach*** ar bhonn chás comhdhlúite mháthairinstitiúid AE ***■***.

Gníomhóidh údarais réitigh i gcomhréir le ***hAirteagail*** 45d(4) agus 45h(2) de Threoir 2014/59/AE.’;

- (3) in Airteagal 49(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:
‘Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis na hasbhaintí a leagtar amach in Airteagal 72e(5).’;
- (4) in Airteagal 72b(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:
‘Chun críocha Airteagal 92b, tuigfear tagairtí don eintiteas réitigh i bpointí (c), (k), (l) agus (m) den mhír seo mar thagairtí don institiúid ar fochuideachta ábhartha í den G-SII neamh-AE.’;
- (5) leasaítear Airteagal 72e mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘4. I gcás mháthairinstitiúid AE nó máthairinstitiúid i mBallstát atá faoi réir Airteagal 92a, ag a bhfuil sealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha d’ionstraimí cistí dílse nó d’ionstraimí dliteanas incháilithe a bhaineann le fochuideachta amháin nó níos mó nach bhfuil sa ghrúpa réitigh céanna ina bhfuil an mháthairinstitiúid sin, féadfaidh údarás réitigh na máthairinstitiúide sin, tar éis dó barúil na n-údarás réitigh nó na n-údarás réitigh tríú tír ábhartha a mheas mar is cuí, cead a thabhairt don mháthairinstitiúid na sealúchais sin a asbhaint trí mhéid níos lú a asbhaint, méid arna shonrú ag údarás réitigh na máthairinstitiúide sin. Beidh an méid coigeartaithe sin cothrom, ar a laghad, leis an méid (m) a ríomhfar mar a leanas:

$$m_i = \max \{0; OP_i + LP_i - \max \{0; \beta \cdot [O_i + L_i - \max \{r_i \cdot aRWA_i; w_i \cdot aLRE_i\}]\} \}$$

nuair:

i = an t-innéacs lena gcuirtear an fochuideachta in iúl;

OP_i = an méid ionstraimí cistí dílse arna eisiúint ag fochuideachta i agus atá i seilbh na máthairinstitiúide;

LP_i = an méid ionstraimí dliteanas incháilithe arna eisiúint ag fochuideachta i agus atá i seilbh na máthairinstitiúide;

β = céatadán na n-ionstraimí cistí dílse agus na n-ionstraimí dliteanas incháilithe arna eisiúint ag fochuideachta i agus atá i seilbh an mháthaireintitis, arna ríomh mar seo a leanas:

$$\beta = \frac{(OP_i + LP_i)}{\text{the amount of all own funds instruments and eligible liabilities instruments issued by subsidiary } i}$$

O_i = méid chistí dílse fhochuideachta i, gan an asbhaint arna ríomh i gcomhréir leis an mír seo a chur san áireamh;

= méid dhliteanais incháilithe fhochuideachta i, gan an asbhaint arna ríomh i gcomhréir leis an mír seo a chur san áireamh;

r_i = an cóimheas is infheidhme maidir le fochuideachta i ag leibhéal a grúpa réitigh i gcomhréir le hAirteagal 92a(1), pointe (a), den Rialachán seo agus le hAirteagal 45c(3), an chéad fhomhír, pointe (a), de Threoir 2014/59/AE nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infhorfheidhmithe le dlí lena gcuirtear chun feidhme caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta***, is infheidhme i dtaca le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, ***a mhéid a chomhlíontar an ceanglas sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcistí dílse faoin Rialachán seo, nó le dliteanais incháilithe i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta, go háirithe le ‘Príomhthréithe Córas Éifeachtach Imréitigh do Bhonneagair Margaidh Airgeadais’ de chuid an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais agus a Chaighdeán TLAC***;

$aRWA_i$ = méid na neamhchosanta iomláine ar riosca an eintitis G-SII i arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3), agus na coigeartuithe a leagtar amach in Airteagal 12a ***den Rialachán seo á gcur san áireamh, nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme***;

w_i = an cóimheas is infheidhme maidir le fochuideachta i ag leibhéal a grúpa réitigh i gcomhréir le hAirteagal 92a(1), pointe (b), den Rialachán seo agus le hAirteagal 45c(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Threoir 2014/59/AE nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infhorfheidhmithe le dlí lena gcuirtear chun feidhme caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta***, is infheidhme i dtaca le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, a mhéid a chomhlíontar an ceanglas sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcistí dílse nó ina ndliteanais incháilithe faoin Rialachán seo;

$aLRE_i$ = méid na neamhchosanta iomláine ar riosca an eintitis G-SII i arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) ***den Rialachán seo, nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, arna ríomh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme***.

I gcás ina bhfuil cead ag an máthairinstitiúid an méid coigeartaithe a asbhaint i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, asbhainfidh an fhochuideachta an difríocht idir

méid shealúchais na n-ionstraimí cistí dílse agus na n-ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus an méid coigeartaithe sin.’;

(aa) *In Airteagal 72e, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*

‘(4a) De mhaolú ar mhír 4 agus go dtí an 31 Nollaig 2024, féadfaidh údarás réitigh máthairinstitiúide, tar éis dó tuairim na n-údarás réitigh nó na n-údarás tríú tír ábhartha ó aon fhochuideachtaí lena mbaineann a bhreithniú go cuí, cead a thabhairt an méid coigeartaithe m_i a ríomh tríd an sainmhíniú seo a leanas ar r_i , agus w_i a úsáid:

$r_i =$ iomlán an cheanglais caipitil rioscabhunaithe is infheidhme maidir le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, a mhéid a chomhlíontar na ceanglais sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcistí dílse faoin Rialachán seo;

$w_i =$ an ceanglas caipitil iomlán nach bhfuil bunaithe ar riosca is infheidhme maidir le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, a mhéid a chomhlíontar an ceanglas sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcistí dílse faoin Rialachán seo.

Féadfaidh an t-údarás réitigh an cead dá dtagraítear sa chéad fhomhír a thabhairt i gcás ina bhfuil an fhochuideachta bunaithe i dtríú tír nach bhfuil córas réitigh áitiúil is infheidhme i bhfeidhm aici go fóill agus má chomhlíontar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach ann faoi láthair d’aon bhac ábharach, dlíthiúil nó praiticiúil, agus atá infheidhme go ginearálta, ar shócmhainní a aistriú go pras ón bhfochuideachta chuig an máthairinstitiúid, nó nach bhfuiltear ag súil le bac go láithreach;

(b) gur thug údarás ábhartha tríú tír na fochuideachta tuairim d’údarás réitigh na máthairinstitiúide á rá go bhféadfaí sócmhainní atá comhionann leis an méid atá le hasbhaint ag an bhfochuideachta de réir Airteagal 72e(4), an dara mír, a aistriú ón bhfochuideachta chuig an máthairinstitiúid.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

*‘5. Déanfaidh institiúidí agus eintitis ■ a sealúchais*** d’ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe a asbhaint ó ítimí dliteanas incháilithe i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:*

(a) tá na hionstraimí cistí dílse agus na hionstraimí dliteanas incháilithe i seilbh institiúide nó eintitis nach eintiteas réitigh í féin ach ar fochuideachta d’eintiteas réitigh é nó ar eintiteas tríú tír a bheadh ina eintiteas réitigh dá mbeadh sé bunaithe san Aontas;

(b) ceanglaítear ar an institiúid nó ar an eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92b den Rialachán seo nó in Airteagal 45f ■ de ■ Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh;

(c) d'eisigh institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 92b(1) den Rialachán seo nó in Airteagal 45f(1) de Threoir 2014/59/AE nach eintiteas réitigh é féin na hionstraimí cistí dílse agus na hionstraimí dliteanas incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) agus atá sa ghrúpa réitigh céanna leis an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a).

Beidh an asbhaint a bhunaítear sa chéad fhomhír teoranta do mhéid na n-ionstraimí cistí dílse agus na n-ionstraimí dliteanas incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír agus a d'eisigh an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45(2), i bpointí (a) agus (b) de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh.

Nuair a bheidh an teorainn dá dtagraítear sa dara fhomhír á ríomh, tabharfar cuntas ar dtús ar eisiúintí díreacha ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe ó institiúid nó ó eintiteas dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír chuig an eintiteas réitigh ábhartha, agus laghdófar leo an méid is gá a asbhaint faoin gcéad fhomhír le méid na n-ionstraimí cistí dílse agus na n-ionstraimí dliteanas incháilithe atá eistithe go díreach cheana féin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní asbhainfear sealúchais ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe i gcás ina gceanglaítear ar an institiúid nó ar an eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) an ceanglas dá dtagraítear i bpointe (b) a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite agus ina n-áirítear an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (c) i gcomhdhlúthú na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2.

Chun críoch na míre seo, tuigfear gurb ionann an tagairt d'ítimí dliteanas incháilithe agus tagairt do na nithe seo a leanas:

(a) ítimí dliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh chun an ceanglas in Airteagal 92b a chomhlíonadh;

(b) dliteanais incháilithe a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 45f(2), pointe (a) de Threoir 2014/59/AE.

Chun críoch na míre seo, tuigfear gurb ionann an tagairt d'ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe agus tagairt don mhéid seo a leanas:

(a) ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 92b, míreanna 2 agus 3;

(b) cistí dílse agus dliteanais a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE.';

(6) in Airteagal 92a, scriostar mír 3;

(7) in Airteagal 113, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun méideanna na neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca a ríomh, cuirfear ualaí riosca i bhfeidhm maidir le gach neamhchosaint, seachas i gcás ina n-asbhaintear **na neamhchosaintí** de chistí dílse nó **dliteanais incháilithe** faoi réir na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 72e(5), an chéad fhomhír, i gcomhréir le forálacha Roinn 2. Beidh cur i bhfeidhm na n-ualaí riosca bunaithe ar an aicme neamhchosanta a bhfuil an neamhchosaint sannta di agus, a mhéid a sonraítear i Roinn 2, ar a cáilíocht chreidmheasa. Féadfar cáilíocht chreidmheasa a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do mheasúnuithe creidmheasa na n-institiúidí um measúnú creidmheasa seachtrach nó measúnuithe creidmheasa na ngníomhaireachtaí um chreidmheas onnmhairiúcháin i gcomhréir le Roinn 3.’;

(8) in Airteagal 151, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le méideanna na neamhchosaintí ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh riosca creidmheasa ar neamhchosaintí atá i gceann de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointí (a) go (e) agus pointe (g), déanfar na neamhchosaintí a ríomh i gcomhréir le Foroinn 2, ach amháin i gcás ina n-asbhaintear **na neamhchosaintí** de chistí dílse nó **dliteanais incháilithe** faoi réir na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 72e(5), an chéad fhomhír.’;

(9) in Airteagal 429a(1) cuirtear isteach an pointe seo a leanas (q):

‘(q) na **neamhchosaintí** atá faoi réir na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 72e(5), an chéad fhomhír.’.

Airteagal 2
Leasuithe ar Threoir 2014/59/AE

Leasaítear Treoir 2014/59/AE mar a leanas:

(1) ***In Airteagal 45 d, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:***

‘4. Chun críocha Airteagal 45h(2), i gcás inar eintitis réitigh nó eintitis tríú tír a bheadh ina n-eintitis réitigh dá mbunófaí san Aontas iad níos mó ná eintiteas G-SII amháin de chuid an G-SII céanna de chuid an Aontais Eorpaigh, ríomhfaidh na húdaráis réitigh an méid dá dtagraítear i mír 3:

(a) le haghaidh gach eintitis réitigh nó eintitis tríú tír a bheadh ina eintiteas réitigh dá mbunófaí san Aontas é;

(b) le haghaidh an mháthairghnóthais de chuid an Aontais Eorpaigh amhail gurbh é an t-aon eintiteas réitigh de chuid an G-SII é.’;

(2) Scriostar mír 6 d’Airteagal 45f.

(3) ***In Airteagal 45 h, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:***

‘2. I gcás inar eintitis réitigh nó eintitis tríú tír a bheadh ina n-eintitis réitigh dá mbunófaí san Aontas iad níos mó ná G-SII amháin a bhaineann leis an G-SII céanna, déanfaidh na húdaráis réitigh dá dtagraítear i mír 1 cur i bhfeidhm

Airteagal 72e de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus aon choigeartú a dhéanfar chun an difríocht idir suim na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 45d(4), pointe (a), agus in Airteagal 12a, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis réitigh aonair nó eintitis tríú tír agus suim na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 45d(4), pointe (b), agus in Airteagal 12a, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a íoslaghú nó a dhíothú a phlé agus, i gcás ina bhfuil sin iomchuí agus comhsheasmhach le straitéis réitigh G-SII, a chomhaontú.

Féadfar coigeartú den chineál sin a chur i bhfeidhm faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) féadfar an coigeartú a chur i bhfeidhm i dtaca leis na difríochtaí i ríomh méideanna na neamhchosanta iomláine ar riosca idir na Ballstáit nó na tríú tíortha ábhartha trí leibhéal an cheanglais a choigeartú;

(b) ní chuirfear an coigeartú i bhfeidhm chun difríochtaí a eascraíonn ó neamhchosaintí idir grúpaí réitigh a dhíothú.

Ní bheidh suim na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 45d(4), pointe (a), den Treoir seo agus in Airteagal 12a, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis réitigh aonair nó eintitis tríú tír a bheadh ina n-eintitis réitigh dá mbunófaí san Aontas iad níos lú ná suim na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 45d(4), pointe (b), den Treoir seo agus in Airteagal 12a, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.’;

(4) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 129:

‘Faoin 31 Nollaig 2022, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme shuibscriobh indíreach ionstraimí atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh ag na cineálacha éagsúla struchtúr grúpa baincéireachta, i measc nithe eile, i gcás ina bhfuil cuideachta oibriúcháin ag institiúidí idir an chuideachta shealbhach agus a fochuideachtaí, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar láimhseáil na n-eintiteas, a bhforáiltear lena bplean réitigh go bhfoirceannfar iad de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta faoi na rialacha lena rialaítear an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ina thaobh sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin i gcás inarb iomchuí.’

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = dáta teacht i bhfeidhm]. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3), pointe (5)(b), agus pointí (7), (8) agus (9) ag Airteagal 2 ón **1 Eanáir 2024**.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta grúpaí institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointí iontrála acu mar aon le modheolaíocht le haghaidh suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh
Tagairtí	COM(2021)0665 – C9-0398/2021 – 2021/0343(COD)
Dáta tíolactha chun PE	28.10.2021
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 22.11.2021
Rapóirtéir Dáta an cheapacháin	Jonás Fernández 25.10.2021
Pléite sa choiste	13.1.2022
Dáta an ghlacktha	2.2.2022
Toradh na vótála críochnaithí	+: 45 –: 2 0: 11
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Rasmus Andresen, Gerolf Annemans, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Raffaele Fitto, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Luis Garicano, Valentino Grant, Claude Gruffat, José Gusmão, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Georgios Kyrtos, Ioannis Lagos, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Dragoş Pîslaru, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Damien Carême, Ville Niinistö, Linea Søgaard-Lidell
Dáta don chur síos	4.2.2022

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

45	+
ECR	Raffaele Fitto, Michiel Hoogeveen, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt, Roberts Zile
ID	Valentino Grant, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni
NI	Enikő Győri
PPE	Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Georgios Kyrtos, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Ralf Seekatz, Inese Vaidere
An Grúpa Renew	Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Luis Garicano, Billy Kelleher, Caroline Nagtegaal, Dragoş Pîslaru, Linea Søgaard-Lidell, Stéphanie Yon-Courtin
S&D	Marek Belka, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Evelyn Regner, Alfred Sant, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli

2	-
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos
Grúpa na Clé	José Gusmão

11	0
ID	Gerolf Annemans, Gunnar Beck, France Jamet
NI	Ioannis Lagos
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Damien Carême, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Ville Niinistö, Piernicola Pedicini, Ernest Urtasun

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh